RIALACHÁN (AE) 2023/1506 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Iúil 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/194 ([1]) ón gComhairle socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a shocraítear le Rialachán (AE) 2023/194, ba cheart iad a leasú chun foilsiú na comhairle eolaíche a chur san áireamh chomh maith leis na torthaí ar na comhairliúcháin le tríú tíortha.

(2) Le Rialachán (AE) 2023/194 socraítear TAC sealadach i gcomhair séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) in uiscí an Aontais agus in uiscí na hIorua i roinn 3a ICES le haghaidh 2023. Chuaigh an tAontas agus an Iorua i gcomhairle le chéile maidir le leibhéal TAC i gcomhair séaclaí Artacha i roinn 3a agus 4a Thoir ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024. Rinneadh na comhairliúcháin sin ar bhonn an tseasaimh ón Aontas a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 12 Meitheamh 2023. An 29 Meitheamh 2023, tháinig an tAontas agus an Iorua ar chomhaontú maidir le TAC i roinn 3a agus 4a Thoir ICES de 6 076 thona, a bhfuil 4 253 thona de le cionroinnt ar roinn 3a ICES. Comhfhreagraíonn an leibhéal TAC sin don leibhéal de chomhairle ICES maidir leis an stoc sin don tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024, dá mba rud é go raibh an chomhairle bunaithe ar an toimhde nár úsáideadh deiseanna iascaireachta ina n-iomláine sa chéad leath de 2023 agus go raibh 900 tona fós gan iascaireacht an 1 Iúil 2023. De réir na bhfigiúirí gabhála a chuir an tAontas agus an Iorua ar fáil, tá an toimhde sin ag teacht le leibhéal glactha na ndeiseanna iascaireachta an 1 Iúil 2023. Chun trasdul a dhéanamh ó TAC i gcomhair séaclaí Artacha i roinn 3a ICES a shocrú faoi dhó sa bhliain go uair sa bhliain: (i) ba cheart TAC cinntitheach le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2023 a chur in ionad an TAC shealadaigh le haghaidh an stoic sin le haghaidh 2023 ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Iorua an 17 Márta 2023, agus (ii) ba cheart an TAC le haghaidh an stoic sin don tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 a shocrú ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Iorua an 29 Meitheamh 2023.

(3) Dá bhrí sin ba cheart Rialachán (AE) 2023/194 a leasú dá réir sin.

(4) Chun go bhféadfar leanúint den iascaireacht, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm gan mhoill.

(5) Ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin seo maidir le deiseanna iascaireachta i gcomhair séaclaí Artacha ón 1 Eanáir 2023 agus ón 1 Iúil 2023 faoi seach. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint, mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist nó nár ídíodh go fóill iad,

([1]) Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán (AE) 2023/194

Leasaítear Iarscríbhinn IA a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/194 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023. Beidh feidhm ag pointe 2 den Iarscríbhinn, áfach, ón 1 Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Cuid B d'Iarscríbhinn IA mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla i gcomhair séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) i roinn 3a ICES:

'Speiceas:	An séacla Artach *Pandalus borealis*		Limistéar: 3a (PRA/03A.)
An Danmhairg	1 429	(1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.
An tSualainn	769	(1)	
An tAontas	2 198	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.
TAC	4 117	(1)	
(1)	Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2023.'		

(2) cuirtear an tábla seo a leanas isteach i ndiaidh an tábla i gcomhair séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) i roinn 3a ICES:

'Speiceas:	An séacla Artach *Pandalus borealis*		Limistéar: 3a (PRA/03A.2)
An Danmhairg	1 476	(1)	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.
An tSualainn	795	(1)	
An tAontas	2 271	(1)	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.
TAC	4 253	(1)	
(1)	Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024.'		